An Coimisiún Pleanála

**PREASRÁITEAS**

# BUAILEANN NA hAIRÍ LE BORD RIALAITHE NUA AN CHOIMISIÚIN PLEANÁLA

Bhí ríméad ar an gCoimisiún Pleanála fáilte a chur roimh James Browne, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus James Cummins, an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht as Pleanáil agus Rialtas Áitiúil, chuig oifig an Choimisiúin Pleanála Dé Máirt an 22 Iúil 2025. Le linn na cuairte, bhuail na hAirí le Paul Reid, Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe, agus le comhaltaí eile an Bhoird Rialaithe ar lá an chéad chruinnithe de chuid an Bhoird Rialaithe tar éis a cheapacháin faoi Chuid 17 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024. Bhuail na hAirí le Peter Mullan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, leis na Coimisinéirí Pleanála, agus le baill foirne den Choimisiún freisin.

Dúirt Paul Reid, Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe nua:

"Is é atá sa chéad chruinniú riamh de chuid an Bhoird Rialaithe inniu ná garsprioc thábhachtach i gcur chun feidhme na socruithe nua formhaoirseachta don Choimisiún Pleanála. I gcomhar leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, leis na Coimisinéirí Pleanála agus le foireann an Choimisiúin, tá an Bord ag súil le leanúint leis an dea-dhul chun cinn a rinneadh le déanaí agus lenár ról a imirt i bhformhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na forbartha tithíochta agus na bhforbairtí pleanála straitéisí eile."

Dúirt Peter Mullan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

"Táim an-sásta leis an dul chun cinn atá déanta ag an gCoimisiún maidir leis an riaráiste cásanna a bhí ag fanacht le cinntí ón gCoimisiún a ghlanadh go mór. Thug mé m'fhocal do na hAirí go leanfadh an Coimisiún ar aghaidh ag comhlíonadh a

amlíne 16 seachtaine le haghaidh cinntí i bhForbairtí Cónaithe Mórscála (arb ionann an comhlíonadh ina leith agus 100% faoi láthair) agus táim ag súil le bheith ag obair le Paul Reid, Cathaoirleach, agus leis an mBord Rialaithe nuacheaptha faoin struchtúr nua rialachais."

Ag labhairt dó ar an lá, dúirt an tAire Browne:

"Tá sé ina phléisiúr dom bualadh le Bord Rialaithe nuacheaptha an Choimisiúin Pleanála inniu. Tá ról ríthábhachtach ag an gCoimisiún i gcóras pleanála na hÉireann. Cinnteoidh an bord nua, a bheidh ag comhall feidhm ríthábhachtach i rialachas ár gcórais pleanála, go ndéanfar cinntí go hionraic agus go neamhspleách agus i gcomhréir iomlán le leas an phobail.

"Táim muiníneach go mbeidh an comhlacht pleanála athbhunaithe ar an ardán ceart chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar bhealach a gcothóidh muinín as an gcóras pleanála. Is féidir rath ina leith sin a fheiceáil cheana féin, agus dul chun cinn á dhéanamh ag an gcomhlacht pleanála ar an riaráiste cásanna a ghlanadh. Leis an struchtúr nua seo, cinnteofar go ndéanfar na feabhsuithe leanúnacha is gá chun go mbeidh an córas pleanála in ann forbairt chun déileáil leis na dúshláin san am i láthair agus leis na dúshláin san am atá le teacht araon."

Dúirt an tAire Cummins freisin:

"Bhí tacaíocht d'athbhunú an Choimisiúin Pleanála ina rud ríthábhachtach chun a chinntiú go ndéanfaí feabhsuithe leanúnacha ar ár gcóras pleanála. Fuair an Coimisiún leithdháileadh ab fhiú €40.6 milliún ón státchiste don bhliain 2025. B'ionann é sin agus méadú €7 milliún, a bheag nó a mhór, ar leithdháileadh na bliana 2024. Chomh maith leis sin, cuireadh 117 bpost foirne nua lena líon foirne. Cabhróidh na hacmhainní ríthábhachtacha sin leis an gCoimisiún ina chuid oibre ar an bhfeidhm ríthábhachtach a chomhlíonann sé i rialachas ár gcórais pleanála."

**25 Iúil 2025**